

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE** for teachers



Lá FGL 1 – Gaeilge (T2)

Lámhleabhar

Clár

Seisiún 1: Ceol na Teanga.....	3
Fís Phearsanta.....	3
Fís Phobal na Tíre.....	3
An Próiseas Chomhairliúcháin.....	3
CEFR	4
Réasúnaíocht na Sonraíochta.....	5 – 6
Na Ráitis Foghlama	7
Seisiún 2: An Uirlis Cheoil.....	8
Snáitheanna na Gaeilge	8
Gníomhaíocht 1	8
Snáithe 1: Cumas Cumarsáide.....	9-10
Snáithe 2: Gnéithe den Fheasacht Teanga agus Chultúrtha....	11
Snáithe 3: Féinfheasacht mar Fhoghlaimoír.....	12
Seisiún 3: Na Cordaí agus na Foinn.....	13
Na Cordaí agus Na Foinn.....	13
Taisceadán na Litríochta.....	14
Taisceadán na Litríochta (Gníomhaíocht)	15
Acmhainní.....	16
Measúnú.....	17-19
Ag Pleanáil mar Roinn.....	20
Plean Samplach.....	21
Teimpléad don Phleanáil.....	22–3
Nótaí.....	24

FGL sa Ghaeilge ón tSSM



An Fráma Tagartha Comónta Eorpach do na Teangacha

Úsáideoir Inniúil	C2	Is féidir leis beagnach gach rud a chloiseann nó a léann sé a thuiscint. Is féidir leis achoimre a dhéanamh ar fhaisnéis a fhaightear ó fhoinsí difriúla labhartha agus scríofa, agus argóintí agus cuntais a athinsint i gcur i láthair comhleanúnach. Is féidir leis é féin a chur in iúl gan réamhsmaoineamh, go líofa agus go beacht, agus miondifríochtaí céille a chur in iúl go cruinn is cuma cé chomh casta is atá na cúinsí.
	C1	Is féidir leis raon leathan téacsanna atá casta agus fada a thuiscint, agus an bhunbhrí intuigthe a aithint. Is féidir leis é féin a chur in iúl go líofa agus gan réamhsmaoineamh, gan nathanna cainte a chuardach go follasach. Is féidir leis teanga a úsáid go solúbtha agus go héifeachtach chun críocha sóisialta, acadúla agus gairmiúla. Is féidir leis téacs atá soiléir, dea-struchtúrtha agus mionsonraithe a tháirgeadh ar ábhair chasta, agus úsáid rialaithe as patrúin eagraíochtúla, as nascairí agus as seifteanna comhtháite a thaispeáint.
Úsáideoir Neamhspleách	B2	Is féidir leis na príomhsmaointe a thuiscint i dtéacsanna casta a bhaineann le topaicí nithiúla agus le topaicí teibí araon, lena n-áirítear díospóireachtaí teicniúla ina shainréimse spéise féin. Is féidir leis caidreamh a dhéanamh go measartha líofa agus gan réamhsmaoineamh, a fhágann go mbíonn sé in ann caidreamh rialta a dhéanamh le cainteoirí dúchais gan mórán stró ar cheachtar acu. Is féidir leis téacs atá soiléir agus mionsonraithe a tháirgeadh ar raon leathan ábhar agus míniú a thabhairt ar thuairim ar cheist thráthúil, agus na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le roghanna éagsúla á gcur in iúl aige.
	B1	Is féidir leis na príomhphointí a thuiscint i ngnáthchaint shoiléir agus chaighdeánach ar chúrsaí coitianta a bpléitear go rialta leo san áit oibre, ar scoil, le linn caitheamh aimsire, etc. Is féidir leis déileáil le formhór na gcásanna ar dóigh dóibh teacht chun cinn agus é ag taisteal i gceantar ina labhraítear an teanga. Is féidir leis téacs atá simplí agus nasctha a tháirgeadh ar thopaicí a bhfuil cur amach aige orthu nó a bhfuil spéis phearsanta aige iontu. Is féidir leis trácht a dhéanamh ar eispéiris, ar eachtraí, ar mhianta, ar ábhair dhóchais agus ar uailmhianta agus cúiseanna achoimre a thabhairt le tuairimí agus le pleananna agus mínithe achoimre a thabhairt orthu.
Úsáideoir Bunúsach	A2	Is féidir leis abairtí agus nathanna cainte coitianta a bhaineann le réimsí lena ngabhann an ábharthacht is láithrí a thuiscint (m.sh. faisnéis an-bhunúsach phearsanta agus teaghlaigh, siopadóireacht, an ceantar áitiúil, fostaíocht). Is féidir leis cumarsáid a dhéanamh le linn gnáth-thascanna simplí nuair nach bhfuil i gceist iontu ach malartú faisnéise díreach agus simplí maidir le gnáthchúrsaí coitianta. Is féidir leis cur síos a dhéanamh i dtéarmaí simplí ar ghnéithe dá chúlra, dá gharthimpeallacht agus de cheisteanna a bhaineann le riachtanas láithreach.
	A1	Is féidir leis nathanna cainte laethúla agus coitianta a thuiscint agus a úsáid mar aon le habairtí an-bhunúsach a úsáidtear chun riachtanais de chineál nithiúil a shásamh. Is féidir leis é féin agus daoine eile a chur in aithne agus ceisteanna a chur agus a fhreagairt faoi shonraí pearsanta, amhail an áit a bhfuil sé ina chónaí, daoine a bhfuil aithne aige orthu agus rudaí atá aige. Is féidir leis caidreamh a dhéanamh ar bhealach simplí le duine eile fad a labhraíonn an duine sin go mall agus go soiléir agus atá sé sásta cuidiú a thabhairt dó.



Reasúnaíocht na Sonraíochta

(A)

Cuidíonn staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge leis an scoláire tógáil ar a chuid foghlama go dtí seo agus cur arís lena chuid scileanna chun taitneamh a bhaint as úsáid na Gaeilge. Tugann foghlaim teangacha deis don scoláire an tuiscint, an t-eolas agus na scileanna a bhaint amach chun a fhorás pearsanta, cognaíoch agus sóisialta a fhorbairt, mar aon lena rannpháirtíocht éifeachtach sa tsochaí dhomhanda. Tá na scileanna inaistrithe agus an mháistreacht a bheidh ag an scoláire ar theanga dála na Gaeilge rithábachtach don fhoghlaim i gcoitinne agus don saol araon. Cothaíonn seo an cumas agus an mhuintín sa scoláire feidhmiú mar shaoránach smaointeach sa phobal teanga. Tríd an Ghaeilge a fhoghlaim, a shealbhú agus a úsáid, aimsíonn an scoláire faisnéis, forbraíonn sé smaointeoireacht, agus cuireann sé dearchthaí agus mothúcháin in iúl. Dá réir, cuirtear ar chumas an scoláire riaradh ar éilimh éagsúla na scoile, an phobail, na fostaíochta, an bhreiseoideachais agus an tsaoil. Tá contanaim i gceist le turas an tsealbhaith teanga, ó fhoghlaim go húsáideoir dátheangach. Aithnítear go forleathan sa taighde idirnáisiúnta gur iomaí buntáiste a bhaineann leis an ilteangachas. Cuireann an dátheangachas agus an t-ilteangachas leis an gcumas samhlaíochta agus cruthaitheachta agus cothaíonn sé dearcadh déach ar an saol.

Bíonn leibhéal iniúlachta ar leith sa Ghaeilge de dhíth in éagsúlacht de réimsí fostaíochta anseo in Éirinn agus thar lear. Tá dualgas reachtúil ar ranna agus áisíneachtaí Stáit soláthar a dhéanamh don phobal trí mheán na Gaeilge. Cothaíonn stádas oifigiúil agus oibre na Gaeilge san Aontas Eorpach deiseanna breise fostaíochta. Is buntáiste í an Ghaeilge don scoláire ar mian leis obair sna réimsí éagsúla sin nó gnó a dhéanamh leo trí mheán na Gaeilge.

Is fuinneog atá sa teanga trínar féidir leis an scoláire féachaint go comhuaineach ar a oidhreacht stairiúil agus chomhaimseartha chultúir agus féiniúlachta agus tuigean an scoláire an tábhacht atá le húinéireacht phearsanta a ghlacadh uirthi dá bharr. Trí staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge tugtar deis don scoláire ionannú a dhéanamh leis an bpobal teanga* agus páirt fhiúntach a ghlacadh ann chun deiseanna cumarsáide a thapú. Cuirtear le feacht an scoláire faoi chultúr na teanga trí mhachnamh agus staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge agus ar ghnéithe den chultúr. Is minic go spreagann na tuiscintí seo scoláire chun machnamh a dhéanamh faoina áit féin sa domhan mór agus faoin bhféiniúlacht chultúrtha ar bhonn níos leithne. Is féidir le ceangal níos doimhne le hoidhreacht shaibhir chultúrtha a phobail agus tuiscint níos doimhne uirthi a bheith ina phróiseas cumasaithe don scoláire. Nuair a chothaítear tuiscint sa scoláire ar chultúr na teanga, tugtar deis dó meas a bheith aige ar chultúir agus ar theangacha eile.

* **Pobal teanga:** pobal ina bhfuil an sprioctheanga á labhairt mar ghnáth-theanga cumarsáide i réimse an teaghlaiigh agus i réimsí lasmuigh de.

(B)

Foghlaimíonn an scoláire faoi struchtúr na teanga agus conas a oibríonn sí. Cuireann an scoláire lena thuiscint ar an teanga féin (feasacht teanga) trí dhul i ngleic le téacsanna, téacsanna ilmhódacha san áireamh. Trí thascanna teanga cuí bunaithe ar an réimse téacsanna sin tagann an scoláire i dtír ar na difríochtaí idir an teanga labhartha agus an teanga scríofa. Tugann sé nithe faoin teanga faoi deara ón gcaoi ina n-úsáidtear go laethúil í agus ón gcaoi a gcuirtear friotal uirthi sa scríobh. Spreagtar an scoláire chun gnéithe na teanga nach bhfuil inchomparáide leis an mBéarla (foclóir, gramadach, comhréir agus foghraíocht) a thabhairt faoi deara. Cuirtear ar a chumas dul i ngleic le deacrachtaí tuisceana agus foghlama agus tuigeann sé cúiseanna a chuid earráidí féin trí chodarsnacht chórasach a dhéanamh idir an Ghaeilge agus Béarla nó idir an Ghaeilge agus teangacha eile. Bíonn an scoláire gníomhach agus gafa i gceann na scileanna teanga uile; éisteacht, léamh, labhairt, idirghníomhú cainte agus scríobh agus bíonn sé ag plé agus ag déanamh comparáide agus iniúchadh idir éagsúlacht téacsanna, téacsanna litríochta san áireamh ag forbairt a scileanna cumarsáide agus smaointeoireachta agus criticiúlachta. Léann an scoláire an litríocht le léargas agus le samhlaíocht ní amháin sa seomra ranga ach ar a shon féin freisin. Agus é ag léamh téacsanna ábhartha síntear cumas criticiúil an scoláire.

Ós gníomhaíocht shóisialta chomh maith le pearsanta í an fhoghlaim, téann an scoláire i ngleic leis na scileanna agus na deiseanna a bhaineann leis an bhfoghlaim fhéinriartha agus chomhoibritheach araon chun spriocanna teanga cuí a bhaint amach. Trí idirghníomhú leis an múinteoir agus lena chomhscoláirí agus trí mhachnamh a dhéanamh, fásann tuiscint an scoláire air féin mar fhoghlaiméoir teanga. Cuireann sé aithne de réir a chéile ar a chuid straitéisí foghlama agus ar a stíl phearsanta foghlama. Trí thascanna éagsúla teanga a chur i gcrích tuigeann an scoláire na réimsí ar a bhfuil feabhas tagtha maidir lena úsáid teanga, na gnéithe ina bhfuil breis feabhsúcháin ag teastáil agus conas tabhairt faoin bhfeabhsúchán sin. Mar thoradh, cuirtear le muinín agus le cumas féinriartha an scoláire i dtaobh na foghlama agus na teanga. Tógann an scoláire ar a scileanna teanga agus digiteacha agus é ag cruthú téacsanna, ag déanamh cumarsáide ar líne, nó ag lorg eolais, rud a chuireann seo go mór lena litearthacht dhigiteach trí chéile. Agus a mháistreacht is a mheas ar an nGaeilge á bhforbairt sa scoláire, is amhlaidh a fhásfaidh a chuid deiseanna chun sult a bhaint as an saol agus an chuid is fearr a thabhairt uaidh don tsochaí anois, agus san am atá le teacht.


Nótaí:

Na Ráitis Foghlama

Ráitis foghlama ábhartha	Samplaí den fhoghlaim ábhartha
RF 2: Éistean, labhraíonn, léann agus scríobhann an scoláire sa T2 agus i dteanga amháin eile ag leibhéal inniúlachta atá ag teacht lena c(h)umas féin.	Glacfaidh an scoláire páirt i raon leathan gníomhaíochtaí teanga chun forbairt a dhéanamh de réir a chumais féin ar a chumarsáid labhartha agus scríofa i réimse leathan comhthéacsanna.
RF 3: Déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a thuiscint agus a léirmhíniú go criticiúil.	Rachaidh an scoláire i ngleic le réimse leathan téacsanna, chun taitneamh a bhaint astu, chun an t-ábhar iontu a thuiscint agus a mheas.
RF 6: Tuigeann an scoláire mar a chuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu.	Trí fhoghlaim agus úsáid na teanga, tuigfidh an scoláire cultúr na Gaeilge agus mar thoradh air sin beidh meas aige ar chultúir eile agus ar éagsúlacht chultúrtha.
RF 16: Déanann an scoláire cur síos ar Phatrúin agus ar choibhneasa agus déanann sé/sí iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú.	Léireoidh an scoláire tuiscint ar struchtúir agus ar dhul na Gaeilge sa chaint agus sa scríobh.
RF 24: Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteacha chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticúil.	Bainfidh an scoláire úsáid chuí as teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú le foghlaim agus le húsáid na teanga.

Seisiún 2: An Uirlis Cheoil

Snáitheanna na Gaeilge



Cumas Cumarsáide

- Is é seo príomhshnáithe na Sonraíochta
- Bíonn sé ar chumas an scoláire feidhmiú go muiníneach agus go héifeachtach i suíomhanna idirphearsanta cumarsáide sa phobal teanga.
- Tugann an scoláire teanga chruinn shaibhir faoi deara agus úsáideann sé an teanga chruinn sin i labhairt agus i scríobh na Gaeilge.
- Léann an scoláire raon leathan de théacsanna atá in úsáid sa phobal teanga agus cumann sé a théacsanna féin.

Feasacht Teanga & Chultúrtha

- Ag sealbhú na Gaeilge i dtimpeallacht na teanga, tugann an scoláire cruinnúsáid agus saibhreas teanga faoi deara.
- Déanann an scoláire machnamh ar an gcaoi a n-oibríonn an teanga chun míchruinneas a sheachaint.
- Cuireann an scoláire aithne mhaith ar bheochultúr na Gaeilge, tuigeann sé dán na teanga, fasann a mheas ar an bpobal teanga, déanann sé comhionannú leis agus spreagtar é chun an teanga a úsáid sa phobal teanga.

Féinfheasacht mar Fhoghlaimeoir

- Bíonn gach foghlaimeoir teanga difriúil.
- Díríonn an scoláire ar a stíl aonair agus ar na tréithe aonair atá aige féin agus aithníonn sé na deacrachtaí agus na dúshláin atá roimhe.
- Tuigeann sé conas cinntí a dhéanamh go neamhspleách ar an múinteoir agus conas féinmheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn nó ar easpa dul chun cinn sna scileanna ar fad.

G.1

An chumarsáid a chur i bhfeidhm i mo sheomra ranga.

www.padlet.com

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas na scoláirí.....

Na Torthaí Foghlama

Snáithe 1: Cumas Cumarsáide

Forbhreathnú gairid ar an snáithe: Cuimsíonn cumas cumarsáide ábaltacht an scoláire sna cúig scil seo a leanas: éisteacht, léamh, labhairt, idirghníomhú cainte agus scríobh atá ag teastáil uaidh chun cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí eile. Bíonn ar chumas an scoláire feidhmiú i suíomhanna idirphearsanta cumarsáide. Bíonn ar a chumas príomhtheachtaireachtaí na cumarsáide a thuiscint agus a úsáid. Baineann sé taitneamh as a bheith páirteach sa chumarsáid le húsáideoirí eile agus as idirghníomhú leo. Léann sé raon leathan téacsanna, téacsanna ilmhódacha san áireamh atá in úsáid sa phobal teanga¹ agus baineann sé tuiscint as na príomhtheachtaireachtaí atá iontu. Cumann sé a théacsanna ábhartha féin le haghaidh cumarsáide le húsáideoirí eile.

Gnéithe	Torthaí Foghlama
	<i>Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire</i>
Éisteacht	<p>1.1 príomhtheachtaireachtaí na cumarsáide Gaeilge bainteach leis an ngnáthshaol a thuiscint chomh fada is atá an chaint ar ghnáthluas agus soiléir</p> <p>1.2 sonraí áirithe ar ghnáthnithe coitianta sa chaint a aithint</p> <p>1.3 léiriú ar thaitneamh a bhaint as éisteacht le Gaeilge</p> <p>1.4 ábhar agus foinsí éisteachta a roghnú agus a roinnt, ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha</p> <p>1.5 canúintí na Gaeilge a aithint</p>
Léamh	<p>1.6 úsáid a bhaint as raon straitéisí díchódaithe cuí</p> <p>1.7 príomhshonraí a bhaineann le gnáthnithe coitianta a aithint i dtéacsanna* Gaeilge</p> <p>1.8 príomhtheachtaireachtaí a bhaint as téacsanna* Gaeilge a bhaineann leis an ngnáthshaol</p> <p>1.9 taitneamh a bhaint as téacsanna* ábhartha dílse chun cumas léitheoireachta a fhorbairt</p> <p>1.10 téacsanna* dílse a aimsiú agus a úsáid chun taighde a dhéanamh</p>

¹ Pobal teanga: pobal ina bhfuil an sprioctheanga á labhairt mar ghnáth-theanga cumarsáide i réimse an teaghlaigh agus i réimsí lasmuigh de

Labhairt	<p>1.11 teachtaireachtaí pearsanta cumarsáide a chur in iúl a bhaineann leis an ngnáthshaol</p> <p>1.12 téacsanna ó bhéal a chruthú, a chur i láthair ina aonar agus/nó mar bhall de ghrúpa agus tuiscint a léiriú ar lucht éisteachta</p> <p>1.13 focail Ghaeilge a fhuaimniú i slí shothuigthe chruinn</p> <p>1.14 taitneamh a bhaint as bheith ag cumarsáid trí Ghaeilge</p> <p>1.15 a stór focal pearsanta féin a threisiú ar ghnáthnithe agus ábhar ar spéis leis féin</p> <p>1.16 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh faoin méid atá cloiste aige</p> <p>1.17 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh bunaithe ar théacsanna* ábhartha Gaeilge</p> <p>1.18 tuairimí pearsanta a fhorbairt agus a chosaint ar nithe a bhaineann le hábhair ar spéis leis féin</p>
Idirghníomhú cainte	<p>1.19 idirghníomhú le comhscoláirí/le húsáideoirí eile Gaeilge (agus lasmuigh de phobail na scoile)</p> <p>1.20 freagairt do theachtireachtaí gan choinne le linn comhrá</p> <p>1.21 cumarsáid a choimeád sa siúl agus déileáil le deacrachtaí tuisceana</p> <p>1.22 soiléiriú nó athrá a lorg</p> <p>1.23 eolas a sheiceáil, a dheimhniú agus a mhalartú</p> <p>1.24 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha</p>
Scríobh	<p>1.25 téacsanna ábhartha a chumadh (ríomhphoist, blaganna, cuntais, téacsanna cruthaitheacha agus téacsanna ilmhódacha) le tuiscint ar lucht a léite</p> <p>1.26 dréachtú, léamh siar agus athdhreachtú a dhéanamh</p> <p>1.27 teachtaireachtaí scríofa a roinnt, ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha</p> <p>1.28 tuairimí pearsanta a chur in iúl agus a mhíniú</p> <p>1.29 freagairt phearsanta do théacsanna*</p>

* **téacs/téascanna** = Is féidir *téacs* a thabhairt ar gach toradh a bhíonn ar úsáid teanga: teanga labhartha, scríofa, físeach, nó ilmhódach. Féach an sainmhíniú ar lch 16.

Snáithe 2:

Feasacht Teanga agus Chultúrtha

Forbhreathnú gairid ar an snáithe: Tugann an scoláire cruinnúsáid agus saibhreas teanga faoi deara. Tuigeann sé na difríochtaí suntasacha idir an Ghaeilge agus an Béarla chun míchruinneas a sheachaint sa labhairt agus sa scríobh. Déanann sé machnamh ar an gcaoi a noibríonn an teanga i dtreo is go sealbhóidh sé dul na teanga sa labhairt agus sa scríobh. Cuireann sé aithne mhaith ar bheochultúr na Gaeilge agus fásann meas ann ar an gcultúr sin agus ar phobal na Gaeilge agus spreagtar é leis an teanga a úsáid.

Gnéithe	Torthaí Foghlama
	<i>Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire</i>
Ag díriú ar theanga na Gaeilge mar chóras	<p>2.1. difríochtaí suntasacha ó thaobh gramadaí agus comhréire idir an Ghaeilge, Béarla agus teangacha eile a thabhairt faoi deara chun míchruinneas a sheachaint</p> <p>2.2. earráidí pearsanta i labhairt agus i scríobh na teanga a thabhairt faoi deara agus na cúiseanna leo a thuiscint</p> <p>2.3. patrúin teanga mar chomhréir, bhriathra, ainmfhocail, srl., a aithint agus a úsáid</p> <p>2.4. litriú agus poncaíocht cheart a aithint agus a úsáid</p> <p>2.5. taifead a choinneáil ar dhúshláin phearsanta a bhaineann le cruinnúsáid na teanga trí bhlag foghlama pearsanta a chruthú</p>
Ag cothú feasachta i leith chultúr na teanga	<p>2.6. gné(ithe) de chultúr na Gaeilge a roghnú agus taighde a dhéanamh uirthi agus í a chur i láthair ar shlí nuálach chruthaitheach</p> <p>2.7. tionscnaimh/cur i láthair ó bhéal a dhéanamh ar ghnéithe de bheochultúr na Gaeilge</p>
Ag cothú feasachta i leith an dátheangachais	<p>2.8. cosúlachtaí agus difríochtaí idir phobail ilteangacha a fhiosrú</p> <p>2.9. a aistear pearsanta féin i dtreo an ilteangachais a léiriú</p>



Snáithe 3:

Féinfheasacht an fhoghlaimeora

Forbhreathnú gairid ar an snáithe: Díríonn an scoláire ar na tréithe aonair atá aige féin mar fhoghlaimeoir teanga. Tuigeann sé conas straitéisí foghlama atá oiriúnach dó féin a úsáid. Tuigeann sé an spreagadh pearsanta atá aige i leith fhoghlaim na teanga agus glacann sé úinéireacht phearsanta ar an teanga féin agus ar phróiseas sealbhaithe teanga.

Gnéithe	Torthaí Foghlama
	<i>Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire</i>
Ag cothú féintuisceana mar fhoghlaimeoir teanga	3.1. stíl phearsanta foghlama a aithint agus straitéisí foghlama a fhorbairt sna scileanna ar fad chun cur leis an bhfoghlaim éifeachtach 3.2. úsáid a bhaint as aiseolas mar fhoghlaimeoir chun aidhmeanna foghlama pearsanta a leagan amach
Ag forbairt na foghlama féinriair	3.3. cinntí neamhspleácha faoin bhfoghlaim a dhéanamh 3.4. féinmheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn 3.5. aiseolas a roinnt le comhscoláirí ar an bhfoghlaim phearsanta sna scileanna teanga agus foghlama 3.6. acmhainní teanga a úsáid (foclóirí agus ríomhfhoclóirí, graiméir, seiceálaithe gramadaí agus litrithe, srl.)
Ag forbairt tuisceana ar spreagadh pearsanta i leith na teanga	3.7. tuiscint a léiriú ar a spreagadh pearsanta i leith fhoghlaim na teanga 3.8. aidhmeanna foghlama pearsanta a úsáid

Seisiún 3: Na Cordaí agus na Foinn



Ar thóir
eachtraíochta



Scoláire



Léarscáil



Múinteoir

spregadh
treoir
tacaíocht
aiseolas
cur chuige comhtháite

Saibhreas
na Gaeilge



Draíocht na bhfocal



Forbairt
mhothúcháinach



Siombalachas



Forbairt
na samhlaíochta /
cruthaitheachta



Forbairt smaointe



Léargas ar
an saol



Spregthach
don chumarsáid



Léargas ar
nádúr na daonnachta



Ag baint taitnimh as an
léitheoireacht



Scileanna
léirmheastacha



Taisceadán
na Litríochta




An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

G.1

Taisceadán na Litríochta

Treoracha:

Le do pháirtí, tar éis daoibh iniúchadh a dhéanamh ar an suíomh idirlín a tugadh daoibh, roghnaigh dhá théacs litríochta (dán, amhrán, úrscéal, gearrscéal, dráma nó gearrscannán) a bheadh oiriúnach do scoláirí na Chéad Bhliana chun **eispéireas saibhir foghlama** a chur ar fáil dóibh. Líon isteach teideal agus buanna an téacs i ngach cás.



Acmhainní Litríochta

An Litríocht: Féidearthachtaí




Sainmhíniú ar Théacs:

Is féidir téacs a thabhairt ar gach toradh a bhíonn ar úsáid teanga: teanga labhartha, scríofa, físeach, nó ilmhódach. Is éard is téacs ilmhódach ann ná téacs ina bhfuil teanga agus córais chumarsáide eile in éineacht, leithéidí téacs clóite, íomhánna, fuaim agus an teanga labhartha. Trí úsáid a bhaint as an sainmhíniú sin ar an bhfocal téacs féachtar le cuimsiú a dhéanamh ar an saibhreas agus ar an éagsúlacht atá riachtanach chun an scoláire a spreagadh, agus a mheas ar theanga a chothú. Ní mór tuiscint cheart a bheith ag an léitheoir ar an mbrí atá leis an bhfocal téacs chun ciall a bhaint as na torthaí foghlama i ngach gné agus i ngach snáithe. **Sampla:** Alt ó *NÓS* (www.nos.ie).

Sainmhíniú ar Théacs Litríochta:

Is éard is téacs litríochta ann ná téacs ina bhfuil léiriú ann ar bhail nó ar chúinsí an duine aonair, ar scéal a eascraíonn as mothúcháin, as taithí saoil, as cuimhní, as cruachas an staid dhaonna. Go minic bíonn léiriú ann ar fhantaisíocht, ar fhinscéalta, ar mhothúcháin, ar uafáis agus ar fhíseanna. Baineann saothair chruthaitheacha: scannáin, gearrscéalta, amhráin, drámaí, dánta, úrscéalta agus araile, le croí agus le haigne, le mothúcháin is le samhlaíocht. **Sampla:** Úrscéal, gearrscannán.

Spríoc na Sonraíochta





Measúnú

“Sa mheasúnú i nGaeilge na Sraithe Sóisearaí, tapófar an deis don scoláire a bheith ina rannpháirtí machnamhach agus gníomhach ina chuid foghlama féin agus an deis dá réir a bheith ag múinteoirí tacú leis sin.”

(*Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí, lch 31*)

Measúnú Rangbhunaithe (MRB)

- Beidh dhá mheasúnú rangbhunaithe i gceist le Gaeilge na Sraithe Sóisearaí.
- Bainfidh na measúnuithe go dlúth leis an ngnáthobair ranga.
- Trí na measúnuithe rangbhunaithe, forbróidh an scoláire a chuid eolais, tuisceana, scileanna agus luachanna, agus é ag baint amach na dtorthaí foghlama.
- Úsáidtear **Tuairiscíní** chun na MRBanna a mheas. Bainfear úsáid as na ráitis seo: *Ionchais le baint amach fós/Ag teacht leis na hionchais / Os cionn na n-ionchas / Thar barr ar fad*



10%

Tasc Measúnaithe

Tabharfaidh an scoláire faoi Thasc Measúnaithe tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe agus cuirfear é faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil.

Cuimseoidh an Tasc Measúnaithe roinnt de na gnéithe seo a leanas nó gach ceann díobh:

- measúnú a dhéanamh ar eolas nó ar thuiscint nua a tháinig chun cinn trína thaithí ar an MRB
- machnamh a dhéanamh ar na scileanna a d'fhorbair sé, agus chun iad a úsáid i suíomhanna nach bhfuil mórán cleachtaidh aige orthu
- machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar athraigh a chóras luachanna trína thaithí ar an MRB

Measúnú



90%

An Scrúdú Deiridh Deireadh na 3^ú Bliana

Páipéar
Ardleibhéil &
Páipéar
Gnáthleibhéil

2x
Uair

Ábhar /
Formáid
Inathraitheach

“...iarrfar ar an scoláire a chuid inniúlachtaí teanga a léiriú trí dhul i mbun tascanna difriúla teanga agus litríochta a éileoidh cumarsáid phearsanta idirghníomhach.”

Measúnú

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers

Scileanna a ndéanfar measúnú orthu sa Scrúdú Deiridh Inniúlacht/scil á tástáil	Ardleibhéal	Gnáthleibhéal
Éisteacht i gcomhthéacs	✓	✓
Léamh i gcomhthéacs	✓	✓
Tascanna ceapadóireachta cumarsáide	✓	✓
Freagairt phearsanta/chumarsáideach do théacsanna litríochta	✓	

Téarmaíocht a bhaineann leis an Measúnú

Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (ÁFMÁ)

Beidh na múinteoirí uile a mbeidh baint acu le teagasc agus measúnú na MRBanna rannpháirteach i gcruinnithe **Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁna)**, áit a gcomhroinnfidh siad agus a bpléifidh siad samplaí dá gcuid measúnuithe ar obair scoláirí agus a dtiocfaidh siad ar thuiscint chomónta ar cháilíocht foghlaim scoláirí.

Critéir Ratha

Tá nasc idir Critéir Ratha agus **Intinní Foghlama**. An múinteoir agus/nó na scoláirí a chumann iad agus cuireann siad síos ar an gcuma a bheadh ar iarracht rathúil. Cuidíonn siad leis an múinteoir, agus leis an scoláire, breithiúnais a dhéanamh faoi cháilíocht foghlaim scoláirí.

Gnéithe Cáilíochta

Is ráitis iad Gnéithe Cáilíochta i sonraíochtaí ábhar nó gearrchúrsaí a chabhraíonn leis an múinteoir breithiúnais a dhéanamh ar cháilíocht obair scoláirí chun gráid ghnóthachtála a bhronnadh don teistiúchán.

Intinní Foghlama

Is ráiteas é Intinn Foghlama do cheacht, nó do shraith de cheachtanna, a chruthaíonn an múinteoir agus a chuireann síos go soiléir ar an méid gur mhaith leis an múinteoir a bheith ar eolas ag scoláirí, a thuigfidh siad nó a bheidh siad in ann a dhéanamh de thoradh gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.

Measúnú Deireanach *(Scrúduithe stát-teistithe a mheastar go seachtrach)*

Tá sé seo an-chosúil leis an scrúdú a dhéanann scoláirí an 3^ú Bliain i Mí an Mheithimh faoi láthair ach tá roinnt athruithe ann mar sin féin. Tá na scrúduithe uile socraithe ag leibhéal comónta (seachas Gaeilge, Béarla agus Matamaitic ina bhfuil dhá leibhéal). Ní mhairfidh siad níos faide ná 2 uair a chloig agus ní bheidh níos mó ná 10 n-ábhar ann. Is é **Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS)** a shocróidh agus a riarfaidh iad, a cheartóidh iad agus a thabharfaidh na torthaí. Déanfar iad a thaifead ag úsáid sraith ghrád. Eiseofar gráid shealadacha i Mí Mheán Fómhair ag deireadh an tríú bliain, mar a dhéantar faoi láthair, agus ina dhiaidh sin dearbhófar iad agus cuirfear iad isteach i b**Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)**.

Measúnú Foirmitheach

Is Measúnú Foirmitheach a bhíonn i gceist nuair a úsáidtear modhanna foirmiúla nó neamhfhoirmiúla chun fianaise ar fhoghlaim a bhailiú le linn an phróisis foghlama agus úsáidtear iad chun teagasc a chur in oiriúint le haghaidh riachtanais na scoláirí. Ligeann an próiseas do mhúinteoirí agus scoláirí eolas a bhailiú ar dhul chun cinn scoláirí, agus oiriúnuithe a mholadh do chur chuige teagaisc an mhúinteora agus do chur chuige foghlama an scoláire. Baineann Measúnú chun Foghlama le gnéithe uile an mheasúnaithe fhoirmithigh ach bíonn fócas ar leith ann ar ról gníomhach a bheith ag an scoláire ina c(h)uid foghlama.


Ag Pleanáil don Fhoghlaim

Mar chuid den phróiseas pleanála ní mór na ceistanna seo a fhiosrú roimh ré:

1. Cad atá mé ag iarraidh go bhfoghlaiméoidh siad? Cén foghlaim atá de dhíth orthu chun dul chun cinn a dhéanamh?
2. Cén acmhainní agus áiseanna a bheidh de dhíth orm?
3. Cén gníomhaíochtaí foghlama gur féidir liom/leo a chruthú a chuideodh leis an bhfoghlaim?
4. Conas is féidir liom monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn?
5. Conas is féidir leo a gcuid dul chun cinn ar an bhfoghlaim a mheas?
6. Cad iad na chéad chéimeanna eile san aonad seo?

Michael Absolum, *Clarity in the Classroom* (2010), lch 192

Ag Pleanáil mar Roinn



Plean Samplach

Ábhar an aonaid foghlama: Saol an duine óig.

Bliain/Téarma: 1 / 1

Fad an aonaid: 6-8 seachtaine

Cumas Cumarsáide

Éisteacht:	1.1, 1.5
Léamh:	1.8, 1.9
Labhairt:	1.11, 1.17
Idirghníomhú:	1.19, 1.22, 1.24
Scríobh:	1.28, 1.29

Feasacht Teanga agus Chultúrtha

- Ag díriú ar theanga na Gaeilge mar chóras:**
2.1
- Ag cothú feasachta i leith chultúr na teanga:**
2.7.

Féinfheasacht mar Fhoghlaimeoir

- Ag cothú féintuisceana mar fhoghlaimeoir teanga:** 3.1
- Ag forbairt tuisceana ar spreagadhpearsanta i leith na teanga:** 3.7

Deiseanna Measúnaithe

Obair Ghrúpa: Foclóir agus nathanna cainte bunaithe ar an iarbhunscóil a chur le chéile a bheadh úsáideach do scoláirí sa chéad bhliain.

Comhrá grúpa a bheith acu ar an difríocht idir an bhunscóil agus an mhéanscóil agus taifead a dhéanamh ar an bplé.

Comhrá a scríobh agus a léiriú i mbeirteanna ag baint úsáide as acmhainní teanga oiriúnacha. (Mar shampla www.focloir.ie, www.teanlann.ie)

Dán a léamh agus príomhtheachtairachtaí an dáin sin a phlé ó bhéal. Freagairt phearsanta ghairid a scríobh.

Tuairisc phearsanta a scríobh ar na hábhair scoile.

Carachtar a roghnú as téacs; íomhánna a bhailiú bunaithe ar chuma agus ar phearsantacht an charachtair sin. Cuntas ghairid a scríobh.

Téacsanna a phlé, a mholadh agus a chur i gcomparáid le chéile.

Suirbhé a líonadh ar líne faoin téacs/faoin ábhar/faoin gcarachtar is fearr leo.

Téacsanna/áiseanna féideartha don cheacht:

Amhrán: ‘An bhfaca tú mo Shéamuisín’ á chanadh ag John Spillane, Blas Ceoil, BBC 2008.

<https://www.youtube.com/watch?v=ymZQhtgZfTg>

Dán: ‘Seomra na Ríomhairí’ le Déaglán Collinge / ‘An Luichín sa Scoil’ le Seán Mac Fheorais/ ‘An Gabhar sa Scoil’ le Seán Mac Fheorais.

<http://www.seomraranga.com/2010/09/an-gabhar-sa-scoil/>

Gearrscéal: ‘An Máistreás’ ón gcnuasach *Punk agus Scéalta Eile* le Ré Ó Laighléis/‘Spás’ le Mícheál Ó Ruairc.

Gearrscannán: *El Toro*. Stiúrthóir/Scríbhneoir: Tomás Seoighe. <http://www.thisirishfilm.ie/shorts/el-toro>

<http://www.ifi.ie/wp-content/uploads/Gearrscannain.pdf>

Naisc Úsáideacha:

Bileog Oibre: <http://tuairisc.ie/meascan-mearai-03-oifig-an-phriomhoide>

Sraith de cheachtanna: <http://www.ceacht.ie/content/abh%C3%A1ir-scoile-jaic>

‘Ar Scoil Arís’, clár reatha ar TG4 á chur i láthair ag Máirtín Davy Ó Coisdealbha: <http://www.tg4.ie/en/programmes/ar-scoil-aris/>

Póstaer Ranga ó www.seomraranga.com: <http://www.seomraranga.com/2010/10/abhair-scoile-02>

Teimpléad don Phleanáil

Ábhar an aonaid foghlama:

Bliain/Téarma:

Fad an aonaid:

Na Torthaí Foghlama

Cumas Cumarsáide

Feasacht Teanga agus
Chultúrtha

Féinfheasacht mar
Fhoghlaim

Deiseanna Measúnaithe

Téacsanna/áiseanna don cheacht:

Machnamh ar an Teagasc agus ar an bhFoghlaim

Teimpléad don Phleanáil

Ábhar an aonaid foghlama:

Bliain/Téarma:

Fad an aonaid:

Na Torthaí Foghlama

Cumas Cumarsáide

Feasacht Teanga agus
Chultúrtha

Féinfheasacht mar
Fhoghlaim

Deiseanna Measúnaithe

Téacsanna/áiseanna don cheacht:

Machnamh ar an Teagasc agus ar an bhFoghlaim

Nótaí

Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM)

Seirbhís Tacaíochta de chuid na Roinne Oideachais & Scileanna

Oifig Riaracháin:

Ionad Oideachais Mhuineacháin | Bóthar Ard Mhacha | Muineachán

Teil.: 047 74008

Oifig an Stiúrthóra:

BOOLM | Sráid an tSéipéil | Dún Dealgan

Teil.: 042 9364603

Suíomh Gréasáin :

www.jct.ie

@JCforTeachers

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE**
for teachers